

Éisidh riomsa, a Mhuire mhór

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 21]

Muireadhach Albanach

1 Éistidh riomsa, a Mhuire mhór,
do ghuidhe is liomsa badh lúdh;
do dhruim réd bhráthair ná bíodh,
a Máthair Ríogh duinn na ndúl.

2 Sgél do mháthar meabhair liom,
'na dheaghaidh atáthar treall,
inghean mhilis mhalach ndonn,
trilis trom chladhach fá ceann.

3 Anna sein, seanmháthair Dé,
ó a gealbhráthair do ghein rí,
níor ghiall a meadhair do mhnaoi,
gur fhaoi lé triar d'fhearaibh í.

4 Rug inghean gach dheighfhir dhíobh,
geibhidh aca an fhinngheal úr,
teóra inghean a clann chaomh,
slimgheal a dtaobh, cam a gcúl.

5 Gorma a súile, suairc a ngné,
a gcuairt nochar chuairt gan ghnaoi,
na sluaigh uile atá ar a dtí,
trí mná agus Muire ar gach mnaoi.

6 Tugsad trí fir thoighe a dtriúr
na trí Mhoire ó nimh na naomh,
gur thráchtmhall torrach an triar
na gciabh ndrongach snástrom saor.

7 Rugsad trí maca na mná,
aca roba lia 'sa lia;
[cá seisear mín doba mhó?]
eisean roba só dhíbh Dia.

8 Máthair lacóibh inghean díbh,
sgiathtdóigh ar gach n-imneadh fhuair,
bean díobh Muire máthair Eóin,
sgeoil nár ghnáthaigh duine i nduain.

9 Tusa Muire Máthair Dé,
duine níor ghnáthaigh do ghnaoi,
ríghbheile arna roinn ar thrí,

Rí fírnimhe id bhroinn do bhaoi.

10 Mise ar bhar n-aithnibh ar-aon,
id dhaighthigh agus id dhún,
a anam, a Mhuire mhór,
a ór buidhe, a abhall úr.

11 A bhiadh, a édach ar h'iocht,
a chiabh ghégach mar an ngort.
A Mháthair, a Shiúr, a Shearc,
stiúr go ceart an bráthair bocht.

12 Bráthair dhamhsa do Mhac mór,
a shlat mhalla, a Mháthair shaor,
deaghbhráthair cóir ar bhar gcúl,
seanmháthair úr róibh a-raon.

13 Go ndearna m'ionghaire ar h'Fhear,
a fhionnMhuire, a earla tiogh,
iomdha im chridhe crithir dhubh,
mithigh dul dá nighe aniogh.

14 A Mháthair Dé, dénam síodh,
ósa ghlédhonn gné do chiabh,
ciúnaigh h'fhearg, a Mhoire mhór,
a ór dearg i gcoire chriadh.

15 Do nimh thánaig, a thaobh geal,
a láraig, saor mar an sriobh.
Cá beag liom do dhúthchas damh,
a chúlchas għlan fhionn, ót Fhior?

16 A Thrónóid, a Mhuire mhín,
tuile gach glóir acht bhar nglóir;
a Cheathrair, caistidh rém dhuain,
ní geabħħthair uaibh aisgidh óir.

17 A ÓghMhuire, a abhra dubh,
a mhórmhuine, a għardha geal,
tug, a cheann báidhe na mban,
damh tar ceann mo náire neamh.

18 Do chloinn Dáibhíodh thú, a mħall mhór,
gan chrann mar thú ré bhar dtúr,
do chloinn Abhrán h'urla clao,
għabhlán craobh gcumhra ar do chál.

19 H'Fhear is do Mhac ar do mħuin,
geal a għlac is geal a righ,

t'Fhearathair réd thaobh as-toigh,
ag soin taom d'ealathain t'Fhir.

20 Dalta iongnadh dot ucht bhán,
agus dot fhult fhionnghlan úr,
do Mhac agus t'Fhear ar-aon,
a shlat shaor gheal ar do ghlún.

21 Do bhábhair dias aobhdha ann
dábhar gcaomhna ó ghlionn do ghlionn,
Mac malachdhubb dóidgheal donn,
óigbhean trom anathlamh fhionn.

22 Do-ní sé casadh do chiabh,
do dhuadh é ar t'asal dá dhíon,
do bhas, a ógMhuire úr,
do chas cúl ródbhuidhe an Ríogh.

23 Tú do shíor doba shámh leis,
is do chíogh bán ar a bhois,
an uair do nightheá an gcraoibh gcais,
do lightheá an mbais gcaoimh 's an gcois.

24 Fraoch buidhe ar h'úrbharr mar ór,
a Mhuire shúlmhall, a Shiúr,
cíoch geilmhín trom as do thaobh,
Leinbhín saor donn agá diúl.

25 Mairg do oiligh h'earla glan,
doiligh, ór ní dhearna cion;
munab ionnraic do bhrú, a Bhean,
ní headh cnú ar fionnshlait i bhfiodh.

26 Easbach clann ladrann do luadh,
a lagbharr fleasgach cam claon,
amharas dob olc an chiall
ort, a chiabh chladhsholas chaomh.

27 Do bhrú aníos ba lomlán leat,
mar bhíos a bhrónnlár 'san bhrioc,
an Coimdhe 's gan loighe lat,
Mac Moire do-roighne riot.

28 Acht tú féin, a Mhuire mhór,
nochar léir do dhuine dhaor,
suaimhnighe ar fhear, a fholt fiar,
nach biadh is bean olc ar-aon.

29 Cosmhail h'aonMhac réd chúl gcam,

a shaorshlat an dá shul chor,
do ghlaca ag an Ghiolla shiong,
is t'ionga fhionn data dhonn.

30 Coinnleach gormshúileach do ghruadh,
abhra donnghlúineach 'gá dhíon,
geilghégach leabhair do lámh,
dán neimbréagach dleaghair dhíom.

31 Glan fallán buidhe do bharr,
mar muine camán fád cheann,
glan do bhas chaoilmhérdha chor,
a chas donn shaoirdhénmha sheang.

32 Ní dheachaidh d'ég h'aithghin mhná,
do shaighthin - ní brég - ní bhia,
nior bhlas beathaídhe bean mar thú,
a bhrú gheal i ndeachaídhe Dia.

33 Tugaidh dhún leabaídhe is lionn,
a chúl ris nach teagaimh tonn,
an bhréigfhleadh ar nach bí ceann,
nárab leam í a dhéidgheal donn.

34 Guidheadh go hán h'abhra dubh,
ar ghrádh bhar n-anma, a ghrádh glan,
a Mhuire, ní hédmhar h'Fhear
fád ghuidhe, a gheal dédghlan, damh.

35 A fholt buidhe cladhach cam,
a Mhuire na malach seang,
ná leig do bhreith oilé ionn,
feith lionn do chroidhe fár gceann.

36 Dénam feis, a mheardha mhór,
dod deis dealbheda, taobh ré taobh,
gabh m'fhorthain deaghrann is duan
uam, a ghealmhall shochraídhe shaor.

37 Ná rabh bean acht tusa im thigh,
gomadh tusa bhus fhear air,
na mná fallsa ad-chiú 's na cruidh,
a bhfuil damhsa riú ná raibh.

38 Gan sbéis i gconaibh ná i gcrodh,
ná i sgoraibh, a ghéis għlan,
easbhaídhe chorn Cáich is a gcon,
orm is a sgor mbláith 's a mban.

39 Tógaibh an malaigh nduibh dhúin,
is an aghaidh mar fhuil laoigh,
tógaibh, go ros faicinn féin,
an gcéibh ródaigh slaitfhinn saoir.

40 Tógaibh dhún an bonn 's an mbois,
agus an cún donn go ndeis,
'gus an súil n-ógcruinn ngéir nglais,
réad chéibh dtas go bhfóbrainn feis.